

LEITH-PHIONNTA POITÍN

54

Nuair a bhí Máirtín ina fhear óg, bhí fear dhá leanacht feadh seacht mblian. Bhíodh sé dá leanacht san oidhche agus leanadh sé go dtí an carn -aoiligh é. Bhí sé pósta, an chéad uair mar a thosuigh sé ag imtheacht ina dhiadh agus beirt cloinne aige. Bhí sé oidhche agus nuair a bhí sé ag tigheacht abhaile lean an fear é agus sheas sé taobh amuigh. Gabh Máirtín isteach d'fága sé an dorus fosguilte ina dhiadh. Nuair a ghabh sé isteach thug a bhean páiste dhó, i n áit a raibh sí fhein ag cur chaoi ar pháiste eile. Bhreathnuigh Máirtín amach agus chonnaic sé an fear amuigh. Tháinig lagar ar agus leag sé uaidh an páiste nuair, a d'áirigh sé an lagar ag tigheacht. D'fhiafruigh an bhean céard a chuir an lagar air. Dubhairt sé gur nioscóid a bhí ar an bpáiste, ag tabhairt leithsgéal. Níor mhaith leis a inniseacht don bhean, fhaithíos go sgannróchadh an bhean agus ní fhanfadh sí sa teach ní ba mhó. Bhíodh tóir mhór aige fhéin a bheith ag imirt chartaí is ag cuartaidheacht.

Bhíodh an fear ina dhiadh i gcomhnuidhe. Chuaidh sé go Béal a Chluga le lucht móna. Bhí sé ag dhul treasna na páirce san oidhche, ag teacht an fhir seo, ó mBéal a Chloga, ach nuair a bhí sé gar don teach chonnaic sé an fear ag eirghe chuige.

"Cuirfidh mé ceist anocht ort", adeir sé.

Chuir sé cheist annsin air. Labhair sé leis. D'fhiafruigh sé dhe céard a bhí air, go raibh sé dá leaneacht. Dubhairt sé go raibh luach leath -phionnta poitín air, nach raibh aon rud dá choinnéalt as na flaithis ach é.

Dubhairt Máirtín leis go n-íocfadh sé é.

56

Nuair a dubhairt sé go n-íocfadh sé an poitín chonnaic Máirtín an t-aer ag osgailt roimhe agus ag dúnadh ina dhiadh agus soillse roimhe gur bhailigh sé as amharc, agus chuir an fear a shean-gháire as nuair a bhí sé ag imtheacht. Bhí Máirtín ag teacht ag an teach agus nuair a fhosluisgeadh an doras, nuair a chonnaic sé an solus, thuit sé i lagar isteach ar an urlár.

D'fuagair an cailín go raibh an bádóir marbh. Tháinig fear an tighe agus thóg sé é. Nuair a tháinig meabhair ann d'fhiafruigh sé dhe, céard a bhí air. Dubhairt sé gur fear a chonnaic sé sa bpáirc. "Is fada an lá é sin annsin", arsa fear an tighe. Nuair a tháinig sé abhaile d'íoc sé an poitín ar a shon. Ní fhaca sé é féin ní ba mhó.

Micilín.

10/03/1931.

57

an br - an alabairt go mba dona an lá.

Ciarog an dá aide ?

An fear a bhí a teacht ó Ghaillimh.

Airneán an t-Satharin.